| Matamaitic | Meitheal Forbartha Cruinniú 4 an 11 Nollaig 2024<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Miontuairiscí agus Rialachas** | Glacadh le miontuairiscí agus níor cuireadh aon choimhlint leasa in iúl |
| **Struchtúr agus príomhréimsí foghlama** | Bhris an Mheitheal Forbartha isteach i ngrúpaí níos lú le plé a dhéanamh ar struchtúr na snáitheanna agus ar ghrafaic oiriúnach le hiad a léiriú. I measc an réimse de ghrafaicí féideartha bhí:<br>• Léaráid Venn 3 shnáithe, le hailgéabar nó uimhreas mar bhonn faoi beagnach gach topaic amhail athruithe ar Chruth agus Spás, Éiginnteacht agus Sonraí, Athrú agus coibhneasa.<br>• cuilithe mar atá sa Ríomheolaíocht<br>• graf nódach<br>• bís<br>• stiall mobius<br>Aontaíodh go bhfuil an-tábhacht ag baint le nádúr idircheangailte na matamaitice a chur in iúl.<br>Plé ar an gcaoi a bhfuil líon na n-uaireanta ag teacht le leibhéil ábhair agus ar conas tabhairt faoi shonraíocht athfhorbartha a thógáil in áit gearradh siar ar an siollabas reatha. |
| **Paraiméadair mheasúnaithe T3** | Soiléiriú tugtha ar pharaiméadair T3. Is féidir le Meithleacha Forbartha cás a dhéanamh ar son cineál CMB eile nó ar son athruithe ar shamhail 1+1. Déanann an cháipéis cur síos ar an bpróiseas atá i gceist le cás a dhéanamh d'athruithe ón tsamhail. Bhí seisiún tobsmaointeoireachta gairid ag an Meitheal Forbartha maidir le struchtúir fhéideartha CMB. |
| **Na chéad chéimeanna eile** | Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis na baill as a bheith i láthair agus as a rannphháirtíocht<br>ghníomhach leis an gcruinniú. Déanfaidh an Feidhmeannas athbhreithniú<br>ar an bplé agus ullmhóidh dréachtábhair don chéad chruinniú eile.<br><br>**An Chéad Chruinniú Eile:** An 16 Eanáir 2025, Midlands Park Hotel, Port Laoise. |